# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta [1]

## Bunús na gcuntas

Ullmhaítear Cuntais Leithreasa, lena dtaispeántar idirbhearta airgeadais Ranna an Rialtais[2], de réir an *Exchequer and Audit Departments Act*, 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is taifead airgead-bhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain iad na cuntais i gcomparáid leis na méideanna a soláthraíodh faoin Acht Leithreasa. Taispeántar figiúirí na bliana roimhe sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt faisnéise a bhaineann le fabhruithe san áireamh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

Ba chóir do ranna faomhadh a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh ré le haghaidh aon chásanna ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta, nó ina n-athraítear iad nó lena gcuirtear leo. Ba chóir faisnéis maidir leis an éagsúlacht chuntasaíochta ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a áireamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

## Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch 31 mí na Nollag 2020 an tréimhse thuairiscithe.

## Fáltais

Mar riail ghinearalta, íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach chuig an Státchiste.

Faoi réir ag faomhadh sainráite na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, féadfar fáltais áirithe de chuid Roinne a leithreasú i gcabhair caiteachais a iompraítear ar Vóta. Gan cheadú den sórt sin, caithfear fáltais a ghéilleadh chuig an bPríomhchiste go díreach mar Fháltais Bhreise Státchiste.

Is fáltais iad na leithreasaí i gcabhair a fhéadfar a úsáid, faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act*, 1891, chun freastal ar chaiteachas a mhéad agus a údaraítear leis an Acht Leithreasa bliantúil iad. Go ginearálta is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó roinne faoin vóta agus d'fhéadfadh nithe cosúil leo seo a leanas a bheith san áireamh leo:

- muirir le haghaidh seirbhísí[3]
- rannaíocaíochtaí pinsin
- cíos agus fáltais de bharr díolachán áirithe
- le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh ré, na fáltais de bharr díolacháin sócmhainní chun cláir nó tionscadail chaipitil ardtosaíochta a mhaoiniú
- fíneálacha, forghéillte nó costais arna n-aisghabháil.

I gcoitinne, maidir le fáltais áirithe ranna a bhíonn le creidiúnú chuig an Státchiste go díreach mar fháltais 'bhreise, is fáltais iad sin nach mbíonn aon bhaint dhíreach acu le caiteachas an vóta nó atá ina bhfáltais 'amhantair'. Ní féidir fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón vóta. Sa chás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa. Áirítear leo nithe cosúil le:

- fáltais de bhun ioncaim bhreise nó brabúis de chuid cuideachtaí Stáit
- ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil
- cúiteamh.

I gcás go dtagann fáltais bhreise ón Státchiste chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú ar fháltais den sórt sin a sholáthar chomh maith le míniú i gcás gur suimeanna ábhartha iad na suimeanna. Lena chois sin, ceanglaítear ar ranna idir na suimeanna a thaisctear don Státchiste (tríd an gCuntas

1 Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a fheidhmítear agus cuntais leithreasa á n-ullmhú. Sonraítear iad seo i gciorclán 22/2020 na Roinne.

2 Sa ráiteas seo, áirítear leis an téarma 'roinn' ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí lárnacha an Rialtais a bhíonn freagrach as bainistíocht agus as cuntasaíocht an Vóta.

3 Faigheann roinnt oifigí, cosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig an Ard-Aturnae, speansais le linn dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Ba chóir glacadh leis na speansais seo mar leithreasaí i gcabhair freisin.

Taiscthe Suimeanna Airgid Éagsúla) agus na suimeanna is iníoctha (suimeanna nár aistríodh go fóill) a nochtadh, i gcás nach ionann na suimeanna.

Ceanglaítear ar Ranna miondealú na bhfáltas breise don Státchiste a chur i láthair ar bhonn iarmhéid tosaigh/deiridh freisin.

## Íocaíochtaí

Bíonn íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha le linn íocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha le linn íocaíochta i gcás gur tabhaíodh dliteanas, go mbíonn íocaíocht dlite agus an t-ordú don íocaíocht curtha i ngníomh.

Sa chás gur tabhaíodh dliteanas agus go mbíonn íocaíocht dlite (i.e. bíonn an dliteanas aibithe), ba chóir íocaíocht a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana chun ionracas an chuntais leithreasa a chinntiú. I gcásanna nach mbíonn íocaíocht curtha i ngníomh agus dliteanais aibithe fós amuigh ag deireadh na bliana, ba chóir méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta a ghabhann leis an gcuntas (Nóta 2).

I gcás go ngníomhaíonn roinn mar ghníomhaire i gcomhair roinn eile Rialtais (an príomhaí) agus go dtagann idirbhearta airgeadais chun cinn idir an príomhaí agus an gníomhaire dá thoradh, is é an riail ghinearálta gur chóir don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí fhionraí, agus an tseirbhís ina muirear deiridh i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniúchán a sholáthar go mbeifear in ann íocaíocht a dhéanamh, níor chóir a ghearradh ar chuntas leithreasa an phríomhaí ach suimeanna arna ndeimhniú ag an ngníomhaire mar chinn a d'eisíoc sé i mbliain an chuntais.

Mar phrionsabal ginearálta, is ar bhonn comhlán a dhéantar cuntasaíocht Rialtais, i.e. ní dhéantar fáltais a ghlanluacháil in aghaidh íocaíochtaí. Ba cheart do ranna, oifigí agus sealbhóirí vóta Rialtais ceadú a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh aon ghlanluachála atá beartaithe acu.

## Glanseirbhísí gaolmhara

Soláthraítear seirbhísí gaolmhara go lárnach chuig, nó thar ceann, vótaí roinne ar an mbonn, mar speisialtóirí, go mbíonn an roinn sholáthair (arb í a príomhfheidhm na seirbhísí lárnacha sin a sholáthar) in ann na seirbhísí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla ná sealbhóir an vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte leis sin.

Tugtar mionsonraí i nóta na nglanseirbhísí gaolmhara (i Nóta 1) ar shuim an chaiteachais i ndáil leis an roinn a iompraítear in áit eile. Tá bunúis éagsúla tomhais ann maidir le figiúir chaiteachais na seirbhísí gaolmhara a ríomh.

## Fabhruithe

Bíonn faisnéis, de chineál fabhruithe, ar fáil sna nótaí a ghabhann leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas costais oibriúcháin (Nóta 1), lena dtaispeántar méid iomlán na n-acmhainní a caitheadh ag vóta sa bhliain
- ráiteas faoin staid airgeadais lena dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an vóta ag deireadh na bliana (Nóta 2), agus
- nótaí míniúcháin breise lena soláthraítear mionsonraí maidir le sócmhainní caipitil, an glanmhaoiniú atá dlite don Státchiste agus gealltanais ar bith.

Sa ráiteas faoin staid airgeadais, áirítear an staid ag deireadh na bliana i ndáil leis an méid seo a leanas

- **Speansais Fhabhraithe** — léirítear gach dliteanas ag deireadh na bliana leo seo, seachas dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair a bhíonn an riachtanas conarthach, chun na hearraí nó seirbhísí ordaithe a sholáthar, comhlíonta ag an íocaí. Déileáiltear le méideanna a bheidh dlite d'earraí a seachadadh ach nár íocadh astu go fóill, fiú mura bhfuil cigireacht déanta orthu agus nár tógadh ar ais i stoic iad, mar dhliteanas. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair a bheidh riachtanais uile na scéime deontais comhlíonta ag an deonaí ach íocaíocht le fáil aige go fóill. Aithnítear dliteanais taistil agus chothaithe nuair a bhíonn taisteal críochnaithe.
- **Réamhíocaíochtaí** — íocaíochtaí is ea iad seo a rinneadh le linn na bliana cuntais le freastal ar speansais a thagann chun cinn i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam Fabhraithe** — ioncam is ea seso atá dlite don vóta ag deireadh na bliana cuntais nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam Iarchurtha** — is ionann seo agus ioncam a fhaigheann an vóta i rith na bliana cuntais d'earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

## Sócmhainní Caipitil

Taispeántar luachanna tosaigh agus deiridh sómhainní caipitil ar chlár sócmhainní roinne chomh maith le mionsonraí an dímheasa trí nóta a ghabhann leis an ráiteas faoin staid airgeadais (Nóta 2).

Ba chóir sócmhainní caipitil faoi fhorbairt a áireamh laistigh de shócmhainní caipitil sa ráiteas faoin staid airgeadais, lena dtaispeántar caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn m.sh. forbairt bhogearraí nó tionscadail foirgníochta.

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas sócmhainní caipitil

- sócmhainní nach bhfuil ar fáil le húsáid fós
- sócmhainní ar lú ná €10,000 a gcostas agus/nó [1]
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir an luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Áirítear sócmhainní oidhreachta ar féidir a luacháil sa ráiteas.)

## *Luacháil ar Shócmhainní*

*Talamh agus foirgnimh*

Áirítear gach talamh agus foirgneamh faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú nó faoi bhainistíocht roinne sa ráiteas faoin staid airgeadais (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcásanna ábhartha, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

I gcás go bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'aon Aire agus go bhfuil an talamh agus na foirgnimh sin faoi rialú/faoi bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, cuirtear iad ar áireamh sa chuntas d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

I gcás go mbíonn tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach faoi rialú/bhainistíocht ag comhlacht lasmuigh le fírinne, ní áirítear mar shócmhainní de chuid vóta na roinne iad, ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne. Seachas sa chás sin, áirítear tailte agus foirgnimh atá dílsithe d'Aire sa chuntas don vóta ábhartha.

Ba chóir do ranna/oifigí rialtais, nach féidir leo luachálacha a sholáthar ar chúiseanna teicniúla ar thailte agus ar fhoirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus atá á rialú nó á mbainistiú acu, sceideal de na sócmhainni seo a iarcheangal leis an gcuntas leithreasa.

*Trealamh, troscán agus feistis*

Luachháltar trealamh, troscán agus feistis ag costas.

1 Ó chuntais leithreasa na bliana 2020 i leith, déanfar an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais a mhéadú go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ní dhéanfar sócmhainní a ghrúpáil le chéile a thuilleadh. Maidir le ranna nach bhfuil in ann an tairseach nua sin a chur i bhfeidhm, féadfaidh siad, ar bhonn aonuaire, leanúint le tuairisc a thabhairt ar an tseantairseach €1,000 do chuntas na bliana 2020. Ní mór do ranna an cur chuige sin a léiriú go soiléir sa réamhrá leis an gcuntas leithreasa ón Oifigeach Cuntasaíochta. Féach Ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Méadú ar an Tairseach Luacha le haghaidh Sócmhainní a Chur ar Áireamh i gCláir Sócmhainní.

*Sócmhainní eile*

I gcás gur gá, leagtar polasaithe cuntasaíochta i leith sócmhainní eile a luacháil (m.sh. feithiclí sainfheidhmeacha) amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

***Polasaí maidir le Dímheas***

Is é an polasaí reatha maidir le dímheas ruda go muirearaítear dímheas bliana iomláine i mbliain a fhaighte/a choimisiúnaithe agus nach muirearaítear aon dímheas i mbliain a dhiúscartha. [1]

Titeann sócmhainní roinne faoi chuimsiú catagóirí difriúla chun críocha dímheasa. Déantar dímheas ar bhonn dronnlíneach. Leagtar na príomhchatagóirí is infheidhme amach sa tábla seo a leanas.

| | **Ráta dímheasa** |
|---|---|
| **Catagóir A – Nithe a dhímheastar ar bhonn dronnlíneach chuig luach nialais i gcaitheamh 10 mbliana** | |
| Troscán agus feistis | 10% |
| Gléasra agus innealra | 10% |
| Mórchórais bhogearraí oibriúcháin TF | 10% |
| **Catagóir B – Nithe a dhímheastar ar bhonn dronnlíneach chuig luach nialais i gcaitheamh 5 bliana** | |
| Trealamh TF, crua-earraí agus bogearraí | 20% |
| Trealamh oifige | 20% |
| Saintrealamh eile | 20% |
| Mótarfheithiclí | 20% |
| **Catagóir C – Nithe eile** | |
| Talamh | 0% |
| Foirgnimh | 0% to 5% |
| Sócmhainní míleata | 3% to 20% |

Tá sé de rogha ag Oifigigh Chuntasaíochta imeacht, i gcásanna áirithe, ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

## Banc agus airgead tirim

Ba chóir go n-áireofaí le 'banc agus airgead tirim' gach iarmhéid i gcuntais bainc thráchtála (párolla agus cuntais eile a bhaineann leis an Vóta) atá á gcoinneáil ag deireadh na bliana arna maoiniú ag an Státchiste trí chaiteachas vótáilte nó cuntais dá leithéid ina bhfuil fáltais a dhlífear a íoc leis an Státchiste. Ba chóir go sonrófaí sa nóta cuntais bhainc an Phá-Mháistir Ghinearálta (*PMG*) ar leithligh ó chuntais eile i mbainc thráchtála.

Nochtar mionsonraí ar aon chuntais bhainc thráchtála eile nach maoiníonn an Státchiste nó nach ndlífear a íoc leis an Státchiste trí nóta a ghabhann leis an gcuntas. Áirítear leis sin iarmhéideanna neamhvóta nach dtaifeadtar iad/nach dtugtar cuntas orthu i dtacar eile cuntas a ndéantar iniúchadh air.

## Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luachálacha na roinne, cibé acu is lú.

1 Ó chuntais leithreasa na bliana 2020 i leith, ríomhfar dímheas ar bhonn míosúil chun freastal ar an aistriú chuig an gcóras um sheirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais. Ba cheart dímheas a mhuirearú ón dáta a chuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse go dtí an mhí ina ndiúscraítear í. Mar shocrú eatramhach ar feitheamh cur i bhfeidhm seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais, féadfaidh ranna dímheas a ríomh ar bhonn míosúil nó ar bhonn bliantúil. Ní mór an modh dímheasa a úsáideadh a lua i ngach cuntas leithreasa.

## Glanmhaoiniú ón Státchiste

Léirítear sa nóta maidir le glanmhaoiniú Státchiste staid maoinithe an vóta ag deireadh na bliana, agus aird á tabhairt ar an mbarrachas agus an leithdháileadh ón Státchiste ar bhonn carnach/rollach. Taispeántar miondealú an fhigiúir sin ó thaobh iarmhéideanna bainc/airgid tirim, fáltas dlite ó fhiachóirí agus dliteanais reatha freisin.

## Gealltanais

Is éard is gealltanas ann ná oibleagáid chonartha chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitil) atá fós le soláthar ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear gealltanas nuair a fhaomhtar an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Maidir le gealltanais chonarthacha dhomhanda (os cionn €10,000) ar gealltanais iad is dócha a thiocfaidh chun cinn i mblianta dar gcionn, nochtar iad trí nóta a ghabhann leis an gcuntas, faoi na teidil: (i) soláthar earraí agus seirbhísí, cláir dheontais neamhchaipitil, cláir dheontais chaipitil, tionscadal chaipitil agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Nochtar mionsonraí ar gach mórthionscadal capitil agus comhpháirtíochta príobháidí poiblí, i gcás gur mó ná €10,000,000 luach an tionscadail, ar leithligh.

I gcás gur bhain athrú de bhreis ar €500,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe le leibhéal an ghealltanais thuairiscithe nó le costas réamh-mheasta an tionscadail, ba chóir an chúis leis an ngluaiseacht sin a mhíniú.

## Dliteanais Theagmhasacha

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn in aon chás ina gcruthaítear riosca le gníomhartha a rinneadh roimhe nó le gníomhartha reatha go n-iarrfar cistí Státchiste amach anseo. Nochtar dliteanais theagmhasacha trí nóta, ach amháin sa chás gur fíorbheag an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní i gceist.

Féadfaidh dliteanais teacht chun cinn de bharr cásanna dlí leanúnacha a bhféadfadh dliteanas teagmhasach teacht chun cinn dá dtoradh. Ach amháin i gcásanna a bhféadfadh dlíthíocht a bheith i gceist nó i gcás go ndéanfadh nochtadh dochar do staid an Státchiste agus/nó d'idirbheartaíocht amach anseo le tríú páirtithe, ba chóir dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna cúirte a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Níor cheart socruithe eile a dhéanamh, lena mbaineann poitéinseal go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha chun cinn dá dtoradh, ach amháin sa chás gur gá agus, ansin, tar éis do mheastóireacht agus measúnacht a bheith déanta ar na himpleachtaí caiteachais féideartha i bhfianaise na gcásanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bhun an dliteanais theagmhasaigh, agus sa chás sin amháin. Ba chóir na sochair fhéideartha a chur i gcomparáid leis an gcostas is dóichí a bheidh i gceist agus i gcomparáid le raon na gcostas féideartha i gcónaí lena chinntiú go measúnófar an dliteanas teagmhasach i gceart.

Níor chóir glacadh le dliteanas teagmhasach in imthosca ar bith i gcás nach mbeidh an riosca a nglacfar leis measúnaithe agus sainmhínithe a shoiléire agus is féidir. I gcás go n-aontaíonn Aire glacadh le dliteanas teagmhasach, bíonn sé bunriachtanach go ndéanfar an próiseas cinnteoireachta a dhoiciméadú i gceart, lena leagfar amach: (i) an réasúnaíocht leis an dliteanas a ghlacadh agus (ii) an sochar féideartha agus (iii) na costais fhéideartha. Ba chóir ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg chun aon dliteanais theagmhasacha a chruthú a bhféadfadh caiteachas suntasach ón Státchiste teacht chun cinn dá dtoradh.

Bíonn breithiúnas riachtanach agus é á dhéanamh amach cibé acu agus cén uair go díreach, a dtagann dliteanas chun cinn de thoradh oibleagáidí ceangailteacha agus/nó neamhcheangailteacha ó thaobh dlí. Bíonn faisnéis ábhartha dá bhféadfadh a heasnamh nó a míshonrú tionchar a imirt ar chomhlíonadh cuntasachta na Roinne don tréimhse tuairiscithe airgeadais sin.

Braitheann ábharthacht ar idir chineál agus shuim an ní a dtugtar breith air san imthosca áirithe a bhaineann leis an Roinn agus bíonn idir thréithe cáilíochtúla agus cainníochtúla á meas mar chuid de.

Déanfar measúnachtaí maidir le hábharthacht i gcomhthéacs na timpeallachta reachtaíochta, institiúide agus oibriúcháin a bhfeidhmíonn an Roinn faoina cuimsiú agus, i leith faisnéis ionchasach airgeadais agus neamhairgeadais, eolas an ullmhóra agus ionchais faoin todhchaí.

## Aoisliúntas

Foráiltear d'íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh ar scor i Vóta 12 – Aoisliúntais agus Liúntais Scoir. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe meastachán faoin tsuim is inchurtha i leith gach vóta agus taispeántar é faoi nóta na nglanseirbhísí gaolmhara i gcomhair na nótaí ábhartha.

Comhlíontar íocaíochtaí aoisliúntais do ghardaí, múinteoirí, pearsanra ón arm agus pearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó na vótaí ábhartha.

## Idirbhearta airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí coigríche ina nEuro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i réim ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra coigríche ag rátaí malartaithe dheireadh na bliana.

## Nótaí eile leis na cuntais

### *Prionsabail Ghinearálta*

Go ginearálta, tá sé d'aidhm leis na nótaí eile a ghabhann leis na cuntais leithreasa aird Dháil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó chun faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta ábhartha lena mbaineann nádúr neamhghnách agus a thaifeadtar sa chuntas e.g. caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó *ex gratia* (íocaíocht nach ndlitear le dlí faoi chonradh nó ar shlí eile – m.sh. cúiteamh a íoctar ar bhonn cruatain) agus luach saothair breise.

Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, soláthraítear nótaí sa chás go mbaineann suim €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart is iad á dtógáil le chéile.

I gcás go mbíonn méideanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí chomh maith i gcás go dtagann saincheist thromchúiseach phrionsabail chun cinn nó i gcás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir nóta a thabhairt.

*Athruithe ón soláthar meastacháin*

Soláthraítear le Nóta 3 míniúcháin ar athruithe maidir le toradh i gcomparáid le soláthar an mheastacháin bhunaidh.

Soláthraítear nóta i gcás gurb athrú (±) atá ann i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin bhunaidh (lena n-áirítear aon mhaoiniú caipitil iarchurtha):

- ar €100,000 nó níos mó é agus
- arb ionann an t-athrú agus 5% nó níos mó den fho-cheannteideal (25% i gcás na bhfo-cheannteideal riaracháin), nó
- arb ionann é agus athrú suntasach ó sholáthar an mheastacháin bhunaidh nach gcomhlíonann na critéir thuas ach a bhfuil údar leis míniú a thabhairt ina leith.

Áirítear nótaí maidir le hathruithe i leithreasaí i gcabhair ar bhonn comhchosúil.

*Íocaíochtaí liúntais agus ragoibre*

I gcás íocaíochtaí liúntais agus ragoibre, áirítear leis na mionsonraí i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí íocaíochtaí liúntais agus ragoibre i níos mó ná aon chatagóir amháin, líon na ndaoine a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht ab airde le duine aonair, más os cionn €10,000 í.

Leagtar an tsuim chomhlán a íocadh le duine aonair amach faoi na ceannteidil éagsúla san 'íocaíocht aonair ab airde'

*Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta*

Bíonn sé riachtanach scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta (os cionn €10,000) a nochtadh trí nóta.

*Chostais chúitimh agus dlí*

Ba chóir comhchodanna na gcostas dlí i leith cásanna a bhfuil nó a raibh lámh ag an roinn iontu a nochtadh (ní áirítear leis sin costas na comhairle dlí a soláthraíodh lasmuigh d'imeachtaí dlí m.sh. i gcomhthéacs polasaí nó reachtaíocht a fhorbairt). Má dhéantar ionadaíocht ar an Roinn in imeachtaí dlí (seachas ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), áirítear na costais a thabhaítear i ndáil leis na cásanna sin sa tábla. I gcásanna inarbh airde costais charnacha dlí a tabhaíodh sa bhliain chuntais ná €50,000, (i.e. i gcásanna ina ndeachaigh costais dlí cásanna os cionn €50,000 san iomlán, nó i gcás ina dtéann cás aonair os cionn €50,000), tá nóta le soláthar le miondeaú ar na costais:

- de réir na gcostas dlí a d'íoc an roinn
- de réir na gcostas dlí a dámhadh (i gcoinne na roinne), agus
- de réir an chúitimh a dámhadh.

*Íocaíochtaí Malla*

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála 2012, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 sa chás

- inar €10,000 nó níos mó iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite, nó
- inar €10,000 nó níos mó íocaíocht aonair.

*Calaois nó calaois amhrasta*

I gcás na gcaillteanas de bharr calaoise, calaoise amhrasta nó mírialtachtaí amhrasta, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na gcaillteanas i rith na tréimhse cuntasaíochta, nó
- gur €10,000 nó níos mó caillteanas aonair, nó
- le haghaidh caillteanas faoi bhun €10,000, go dtagann saincheist thromchúiseach maidir le prionsabal chun cinn, nó
- go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir nochtadh a dhéanamh.

*Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

I gcás gurb ábhartha, ba chóir go n-áireofaí i Nóta 6 ráiteas caiteachais faoi gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta arna maoiniú ón vóta. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana, agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun críche seasta. Sa chéad chás, taispeántar caiteachas sa bhliain chuntais agus sa bhliain roimhe. Sa chás deiridh, taispeántar an dáta bunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta a bhunaithe.

*Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha*

I gcás gurb ábhartha, cuirtear cuntais chistí deontais a mhaoinítear ón vóta agus cuntais ilgnéitheacha eile i láthair i Nóta 6.